AN ROINN OIDEACHAIS

0548

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 1998
LEAVING CERTIFICATE EXAMINATION, 1998

# IODÁILIS — GNÁTHLEIBHÉAL
# ITALIAN — ORDINARY LEVEL

**TRIAIL CHLUASTUISCEANNA (100 marc)**
**LISTENING COMPREHENSION TEST (100 marks)**

DÉ CÉADAOIN, 24 MEITHEAMH, 12.10 go dtí 12.50
WEDNESDAY, 24 JUNE, 12.10 to 12.50

UIMHIR IONAID
CENTRE NUMBER

SCRÚDUIMHIR
CANDIDATE'S NUMBER

---

N.B. DON SCRÚDAITHEOIR AMHÁIN
N.B. FOR USE BY EXAMINER ONLY

| Roinn Section | Marc/Mark |
|---|---|
| A | |
| B 1. | |
| B 2. | |
| B 3. | |
| Iomlán Total | |

**Mura bhféadann tú a bhfuil ar an gcuid seo den téip a chloisteáil gan dua ardaigh do lámh ANOIS chun a chur in iúl don bhFeitheoir nach mór an fhuaim a shocrú i gceart.**
**Ná cuir isteach ar imeachtaí na trialach féin uaidh seo amach.**

**If you have difficulty hearing the tape please raise your hand NOW to indicate to the Supervisor that the volume should be adjusted.**
**Once the test has started you must not interrupt.**

## ROINN A  SECTION A

Sa roinn seo cloisfidh tú ocht gcinn de ráitis nó de chomhráití gearra san Iodáilis. Cloisfidh tú gach ceann acu dhá uair.

Tar éis gach ráiteas nó comhrá a chloisteáil an dara huair beidh sos gairid ann; le linn an tsosa sin roghnaigh an freagra is dóigh leat is ceart ar an gceist ar an scrúd-pháipéar agus léirigh do rogha trí chiorcal a chur timpeall na litreach cuí.

1. Cén chaoi a mbeidh an aimsir?
   (*a*) beidh sé fionnuar ach beidh sé geal agus grianmhar
   (*b*) beidh sé te agus grianmhar
   (*c*) beidh gaoth láidir ann
   (*d*) beidh báisteach throm ann.

2. Tá an t-árachas gluaisteáin seo ar fáil
   (*a*) do dhaoine a bhfuil tríocha bliain ar a laghad de thaithí tiomána acu
   (*b*) do dhaoine a íocann síntiús teileafóin agus dóibh sin amháin
   (*c*) do dhaoine a bhfuil cúig bliana ar a laghad de thaithí tiomána acu
   (*d*) do thiománaithe a bhfuil árachas acu ón gcuideachta cheana féin.

3. Beidh na ranganna júdó ar siúl
   (*a*) Dé Máirt agus Déardaoin
   (*b*) Déardaoin agus Dé hAoine
   (*c*) Dé Céadaoin agus Dé hAoine
   (*d*) Maidin Dé Sathairn.

4. Cé a gheobhaidh do sheanríomhaire?
   (*a*) an mheánscoil áitiúil
   (*b*) an nuachtán áitiúil
   (*c*) an halla cluichí
   (*d*) naíonra nó bunscoil.

5. Beidh an tsaor-reic
   (*a*) ag tosú i gceann coicíse
   (*b*) ag críochnú i nDeireadh Fómhair '97
   (*c*) ag tosú ar an 4 Eanáir
   (*d*) ag tosú ar an 7 Deireadh Fómhair '97.

6. Maidir leis na daoine a gabhadh
   (*a*) bhí siad ag dul go dtí an Tuscáin sa charr
   (*b*) bhí siad ag caitheamh marachuain
   (*c*) bhí siad ag díol pasanna bréige
   (*d*) bhí éadaí goidte do leanaí i bhfolach acu.

7. Beidh na ranganna gleacaíochta ar siúl
   (*a*) i ngiomnáisiam na hollscoile
   (*b*) i ngiomnáisiam na scoile
   (*c*) i halla an bhaile
   (*d*) sa ghiomnáisiam áitiúil.

8. Cé acu inimircigh a bheidh in ann fanacht san Iodáil?
   (*a*) daoine a bhfuil post faighte acu
   (*b*) daoine a tháinig go dtí an Iodáil roimh an 30 Samhain
   (*c*) daoine a tháinig go dtí an Iodáil tar éis an 30 Samhain
   (*d*) daoine a bhfuil ceadúnas oibre acu.

In this section you will hear eight statements or short dialogues in Italian. Each of these will be heard twice.

After each statement or dialogue is heard the second time there will be a short pause. During this pause choose what you consider the most appropriate answer to the question asked on the question paper and indicate your choice by circling the appropriate letter.

1. What is the weather going to be like
   (*a*) cool but bright and sunny
   (*b*) hot and sunny
   (*c*) strong winds
   (*d*) heavy rain.

2. This car insurance is available to
   (*a*) persons who have been driving at least thirty years
   (*b*) telephone subscribers only
   (*c*) persons who have been driving at least five years
   (*d*) drivers already insured with the company.

3. On what days will the judo classes be held?
   (*a*) Tuesday and Thursday
   (*b*) Thursday and Friday
   (*c*) Wednesday and Friday
   (*d*) Saturday morning.

4. Who will get your old computer?
   (*a*) the local secondary school
   (*b*) the local newspaper
   (*c*) the game hall
   (*d*) a playschool or a primary school.

5. The clearance sale
   (*a*) begins in two weeks' time
   (*b*) ends in October '97
   (*c*) begins on the 4th of January
   (*d*) begins on the 7th of October '97.

6. The people arrested were
   (*a*) travelling to Tuscany by car
   (*b*) smoking marijuana
   (*c*) selling false passports
   (*d*) hiding stolen children's clothes.

7. Where will the gymnastics classes be held?
   (*a*) at the university gym
   (*b*) at the school gym
   (*c*) at the town hall
   (*d*) at the local gym.

8. Which immigrants will be able to remain in Italy?
   (*a*) those who have found a job
   (*b*) those who arrived in Italy before the 30th of November
   (*c*) those who arrived in Italy after the 30th of November
   (*d*) those who have a work permit.

## ROINN B — SECTION B

Sa roinn seo cloisfidh tú trí chomhrá trí huaire: an chéad uair gan sosanna, an dara huair le sosanna gearra inmheánacha agus le sos nóiméid ag a dheireadh.

Ba cheart na freagraí a scríobh, i nGaeilge, sna spásanna cuí.

Féadfaidh tú do fhreagraí a sheiceáil agus tú ag éisteacht don tríú huair.

In this section you will hear three conversations three times. Each will be heard first without pauses, then with short internal pauses, followed at the end, by a one-minute pause.

The answers should be written in English in the spaces provided.

During the third reading you can check your answers.

### Comhrá 1. Tá Signora Maruzzelli ag caint lena Gníomhaire Taistil.

1. Cá fhad a mhairfidh an tsaoire atá curtha in áirithe ag Signora Maruzzelli?

______________________________

______________________________

2. Cén cur síos a dhéanann an gníomhaire taistil ar an Óstán Pineta?

______________________________

______________________________

3. Cén sórt seomra a bhí curtha in áirithe ag Signora Maruzzelli?

______________________________

______________________________

4. Deir an gníomhaire taistil:

   *Cuir ciorcal thart ar an litir chuí.*

   (*a*) go nglaofaidh sé ar an óstán chun an chóiríocht a athrú

   (*b*) go dtabharfaidh sé lascaine di

   (*c*) go mbogfar láithreach í go dtí óstán eile.

### Dialogue 1. Signora Maruzzelli is talking to her Travel Agent.

1. How long has Signora Maruzzelli booked the holiday for?

______________________________

______________________________

2. How does the travel agent describe the hotel Pineta?

______________________________

______________________________

3. What sort of room had Signora Maruzzelli booked?

______________________________

______________________________

4. The travel agent offers:

   *Circle the appropriate letter.*

   (*a*) to telephone the hotel and change accommodation

   (*b*) to give her a discount

   (*c*) to move her immediately to a different hotel.

### Comhrá 2. Tá Giovanni ag caint le Gníomhaire Eastáit

1. Cén sórt árasáin a theastaíonn ó Giovanni a fháil ar cíos?

______________________________

______________________________

2. Cathain a bheadh an t-árasán a thairgtear dó ar fáil ar cíos?

______________________________

______________________________

3. Cén cíos atá air in aghaidh na míosa?

______________________________

______________________________

4. An bhfuil an t-árasán?

   *Cuir ciorcal thart ar an litir chuí.*

   (*a*) sna bruachbhailte

   (*b*) i lár na cathrach

   (*c*) ar bhóthar plódaithe

### Dialogue 2. Giovanni is talking to an Estate Agent

1. What type of apartment does Giovanni want to rent?

______________________________

______________________________

2. When would the apartment on offer be available for rent?

______________________________

______________________________

3. What is the monthly rent?

______________________________

______________________________

4. The apartment is

   *Circle the appropriate letter.*

   (*a*) in the suburbs

   (*b*) in the city centre

   (*c*) on a busy road.

## Comhrá 3. Agallamh le Sandra, múinteoir ón Iodáil.

1. Cén t-ábhar atá á mhúineadh ag Sandra?

2. Cathain a thosaigh Sandra ag múinteoireacht?

3. Cén fáth a dtaitníonn an mhúinteoireacht le Sandra?

4. Sular glacadh ar an gcúrsa í bhí ar Sandra
   *Cuir ciorcal thart ar an litir chuí.*
   (*a*) dul faoi scrúdú folláine coirp
   (*b*) agallamh a dhéanamh trí Iodáilis
   (*c*) dul faoi thriail éirime agus scrúdú scríofa san Iodáilis a dhéanamh.

5. Cá fhad a mhaireann an cúrsa múinteoireachta?

6. Cé mhéad uair an chloig oibre a dhéanann Sandra sa tseachtain?

7. Cá fhad a thógann sé ar Sandra dul ag obair sa charr?

8. Ainmnigh dhá spórt a bhfuil Sandra páirteach iontu.

## Dialogue 3. Interview with Sandra, an Italian teacher.

1. What subject does Sandra teach?

2. When did Sandra start teaching?

3. Why does Sandra like teaching?

4. To be accepted on her course Sandra had to
   *Circle the appropriate letter.*
   (*a*) have a physical fitness examination
   (*b*) do an interview in Italian
   (*c*) undergo an aptitude test and a written Italian examination.

5. How long does the teaching course last?

6. How many hours does Sandra work each week?

7. How long does it take Sandra to get to work by car?

8. Name two sports Sandra is involved in.